Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7215/23**

**CSDP/PSDC 197**
**CFSP/PESC 400**
**EUMC 113**
**COAFR 100**
**PSC DEC 10**
**EUTM SOMALIA 7**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/170 (EUTM Somalia/1/2023) |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/170**
**(EUTM Somalia/1/2023)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/96/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2010 maidir le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile[1], agus go háirithe Airteagal 5 de,

1 IO L 44, 19.2.2010, lch. 16.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh 2010/96/CBES, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, na cinntí ábhartha a ghlacadh maidir le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia), lena n-áirítear cinntí maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh.

(2) An 8 Feabhra 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/170[1] lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Roberto VIGLIETTA mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia.

(3) An 29 Samhain 2022, mhol údaráis mhíleata na hIodáile an Briogáidire-Ghinearál Fulvio POLI a cheapadh i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Roberto VIGLIETTA mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2022/170 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 8 Feabhra 2022 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/1072 (EUTM Somalia/1/2022) (IO L28, 9.2.2022, lch.17).

(4) An 9 Nollaig 2022, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go gceapfadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an Briogáidire-Ghinearál Fulvio POLI mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia.

(5) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Fulvio POLI a cheapadh agus ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/170 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Fulvio POLI mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) ón 23 Márta 2023.

*Airteagal 2*

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/170.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 23 Márta 2023.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*